An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

# Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

## DRÉACHT-THUAIRISC LE HAGHAIDH DEARBHÚ FÍRICÍ

Gaelscoil an Bhradáin Feasa
Droichead Átha, Co. na Mí
Uimhir rolla: 20258E

Dáta na cigireachta: 17 Deireadh Fómhair 2012

Dáta eisithe na tuairisce: 8 Samhain 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
INSPECTORATE

## Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

**Réamhrá**

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) i nGaelscoil an Bhradáin Feasa i mí Dheireadh Fómhair 2012. Tá an tuairisc seo bunaithe ar cheachtanna a breathnaíodh i raon de chomhthéacsanna foghlama sa scoil, ceistiú na ndaltaí agus breathnú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird bhainistíochta agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de cháipéisí scoile.

Tá 319 dalta ar an rolla i nGaelscoil an Bhradáin Feasa. Is scoil lán-Ghaelach ilchreidmheach faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge í an scoil seo a bunaíodh sa bhliain 2007 agus atá fós ag forbairt.

**Tátail**

### 1. Cé chomh maith is atá gnóthachtáil fhoghlama na ndaltaí?

- Tá cáilíocht na foghlama an-mhaith sa scoil. Is oideachas iomlánaíoch trí mheán na Gaeilge a chuirtear ar na daltaí. Cruthaítear timpeallacht fhoghlama an-saibhir agus tugtar eispéaras comhtháite an-leathan oideachasúil dóibh. Bíonn na daltaí rannpháirteach go fonnmhar i ngníomhaíochtaí foghlama éagsúla. Forbraítear a gcuid scileanna aeistéitiúla, soisialta, imshaoil agus eolaíochta go céimniúil.

- Tá caighdeán ard á bhaint amach ag na daltaí sa litearthacht. Tá sé ar a gcumas Gaeilge chruinn a labhairt go líofa agus tá forbairt chórasach ag teacht ar a dteanga cumarsáide. Is fiú, áfach, pleanáil go follasach d' fhorbairt a dteanga choigníoch chun cabhrú leo gach ábhar eile a fhoghlaim trí mhéan na teanga. Baineann na daltaí caighdeán an-mhaith léitheoireachta amach ag a leibhéal cumais féin. Tá scéim pheannaireachta cheangailte agus scéim litrithe chéimnithe in úsáid sa scoil a chuireann go mór le caighdeán scríbhneoireachta na ndaltaí. Moltar plean cuimsitheach céimneach de phróiseas na scríbhneoireachta a chur i bhfeidhm sa scoil leis an obair mhaith seo a fhorbairt a thuilleadh.

- Baineann na daltaí caighdeán an-mhaith amach sa Mhatamaitic agus tá a dtuiscint ar choincheapa agus a gcuid scileanna uimhríochtúla, meastacháin agus réasúnaíochta forbartha go héifeachtach. B'fhiú tógáil ar an obair mhaith seo agus scileanna smaointeoireachta ard-oird na ndaltaí a chothú a thuilleadh.

- Pupils' language skills are appropriately developed in English. A very high standard is achieved in reading. Pupils write creatively in a variety of genre. It is recommended that the school plan be further developed to ensure that a structured programme is implemented for oral language. (*Forbraítear scileanna teanga na ndaltaí go hoiriúnach i mBéarla. Baintear amach caighdeán an-ard sa léitheoireacht. Scríobahnn na daltaí go cruthaitheach i séanraí éagsúla. Ní mór an plean do labhairt an Bhéarla a fhorbairt a thuilleadh le cinntiú go gcuirtear plean struchtúrtha i bhfeidhm).*

### 2. Cé chomh maith is atá an teagasc?

- Tá cáilíocht an teagaisc go maith sa scoil. Baintear feidhm éifeachtach as modhanna múinte éagsúla agus as straitéisí foghlama gníomhacha. Cuirtear deiseanna foghlama éagsúla éifeachtacha ar fáil do na daltaí chun a gcuid eolais a shealbhú agus a gcuid scileanna a fhorbairt.

- Tá cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí le riachtanais speisialta go maith lena n-áirítear roinnt ghnéithe atá an-mhaith Cuirtear béim inmholta ar fhorbairt mhuiníne agus scileanna sóisialta na ndaltaí. Baineann na hoidí úsáid sciliúil as modhanna múinte agus as acmhainní oiriúnacha le linn an teagaisc agus glacann na daltaí páirt ghníomhach sna himeachtaí foghlama.

- Soláthraítear pleananna aonair atá dírithe den chuid is mó ar riachtanais na ndaltaí. Moltar áfach, go gcláróidh gach múinteoir na spriocannna foghlama ar bhonn níos sainiúla agus níos intomhaiste sna pleananna aonair agus go ndéanfar measúnú ar dhul chun cinn na ndaltaí dá réir.

- Tá tús maith curtha le tacaíocht in-ranga. I gcuid de na ranganna a breathnaíodh chonacthas comhmhúinteoireacht éifeachtach le cuspóir cinnte a bhí dírithe go príomha ar riachtanais fhoghlama éagsúla na ndaltaí. Is fiú an cur chuige seo a úsáid i ngach rang agus comhplean teagaisc a ullmhú agus cuntas beacht a choinneáil ar dhul chun cinn an teagaisc agus na foghlama.

### 3. Cé chomh maith is atá an cúram agus an tacaíocht a thugtar do dhaltaí?

- Cothaítear atmaisféar dearfach sa scoil ina fhothaítear meas ar gach éinne agus ar a gcultúr. Tá na daltaí deá-bhéasach, cúirtéiseach agus glacann siad páirt fhonnmhar i ngach gné den scoil. Is inmholta mar atá daltaí páirteach san iliomad tograí seach-churaclaim agus comh-churaclaim. Léiríonn siad féinmhuinín ard agus mórtas as an scoil.

- Cothaítear caidrimh tháirgiúla bunaithe ar an gcomhpháirtíocht i measc pobal na scoile. Déantar cumarsáid rialta le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn a bpáistí. Tugann coiste na dtuismitheoirí togha na tacaíochta don scoil. Tá líon beag daltaí sa scoil seo ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus tugtar tacaíocht oiriúnach dóibh.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile.*

### 4. Cé chomh héifeachtach is atá an cheannaireacht agus an bhainistíocht?

- Tá cáilíocht ard bainistíochta sa scoil. Is inmholta mar a d'éirigh leis an mbord Gaelscoil a bhunú agus a fhorbairt go rathúil, éifeachtúil. Feidhmíonn sé go héifeachtach agus riartar an scoil de réir nósanna imeachta cuí. Oibríonn baill an bhoird go díograiseach ar son leas na scoile.

- Is duine dinimiciúil, cumasach í an príomhoide a thugann ceannaireacht láidir theagascach don fhoireann. Treoraíonn sí an scoil go coinsiasach i dtreo an fheabhsúcháin agus na forbartha. Comhlíonann baill eile na bainistíochta in-scoile a gcuid dualgais go hábalta, díograiseach. Tacaíonn siad go follasach leis an bpríomhoide agus sonraítear cultúr comhoibrithe agus comhthacaíochta i measc na foirne. Tá an fhoireann dírithe go creidiúnach ar phróiseas leanúnach forbartha scoile. Bíonn toradh fónta ar a gcuid oibre.

### 5. Cé chomh héifeachtach is atá an fhéinmheastóireacht scoile?

- Tá dul chun cinn maith déanta ó thaobh na féinmheastóireacht scoile de. Déantar iniúchadh oiriúnach ar thorthaí foghlama na ndaltaí agus tugtar faoi go leor tionscnaimh nua chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Tá plean straitéiseach deartha chun an obair seo a threorú. B'fhiú plean gnímh a dhréachtadh chun tacaíocht le cur i bhfeidhm agus monatóireacht an phlean.

- Tá cáilíocht na pleanála scoile go maith. Soláthraítear raon polasaithe riaracháin agus curaclaim a eascraíonn as próiseas comhairleach agus a dhíríonn ar shainriachtanais na scoile. Déantar ullmhúchán cuí don teagasc den chuid is mó. Cláraítear cuntas ar dhul chun cinn an teagaisc agus na foghlama ar an bpleanáil ghearrthréimhseach. Moltar cur chuige níos soiléire a aontú ina leith ionas go bhféadfaí monatóireacht rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an churaclaim agus ar fhorchéimniú na foghlama sa scoil.

**Críoch**

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá éiteas láidir Gaelscolaíochta le braith sa scoil ina bhfuil gach páirtí dílis d'fhealsúnacht na scoile agus don tumoideachas.
- Tacaíonn na páirtithe leasmhara ar fad ina mbealaí sainiúla féin, le cur chun cinn na scoile.
- Tugann an príomhoide cinnireacht an-éifeachtach don scoil.
- Cuirtear curaclam leathan i bhfeidhm chun acmhainn iomlán an dalta a fhorbairt.
- Baineann na daltaí caighdeán ard oideachais amach.
- Oibríonn an fhoireann go díograiseach, dúthrachtach ar son leas na scoile.
- Cothaítear atmaisféar sona foghlama Gaelach sa scoil agus léiríonn na daltaí meas ar a chéile, dílseacht don Ghaeilge agus dúthracht ina gcuid foghlama.

Tá **gá le feabhsú** sna gnéithe seo a leanas:

- Moltar teanga choigníoch, scileanna tuisceana agus fadhbréitigh ard-oird na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh.
- Moltar tógáil go corasach ar na straitéisí comhmhúinteoireachta atá á chleachtadh ag an bhfoireann.
- Ní mór plean céimneach do phróiseas na scríbhneoireachta a chur i bhfeidhm.
- Further development of the discrete oral English plan will enhance pupils' skills.

Tá acmhainn na scoile maidir le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúchán atá aitheanta go maith mar go bhfuil:

- ceannaireacht láidir sa scoil agus tionscnaimh fheabhsúcháin éagsúla curtha chun cinn go héifeachtach
- féin-bhreathnadóireacht stuama á déanamh ag an bhfoireann cheana féin agus straitéisí féinmheasúnaithe á fhorbairt acu.
- tús curtha le comhmhúinteoireacht ag na múinteoirí agus le breathnóireacht ar a chéile i mbun teagaisc.

## *Meastóireacht Scoile Uile*

## Eolas Teagmhála na Scoile

| | |
|---|---|
| **Scoil** | Gaelscoil an Bhradáin Feasa |
| **Uimhir rolla** | 20258E |
| **Seoladh poist** | Bóthar an Mhuilinn, Droichead Átha, Co. na Mí |
| **Seoladh r- phoist** | siobhan@gaelscoilanbhradainfeasa.com |
| **Uimhir ghutháin** | **041-9848667** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Príomhoide** | Siobhán Ní Dhúill | **R-phost** | siobhan@gaelscoilanbhradainfeasa.com |
| **Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta** | Cathal Mac Cearáin | **R-phost** | Charlie.McCarron@doka.com |
| **POF an CGO (más cuí)** | | **R-phost** | |
| **Pátrún/Iontaobhaithe na scoile** | Foras Patrúnachta na scoileanna Lán-Ghaeilge | **R-phost** | caoimhin@foras.ie |
| **Cathaoirleach Chumann na dTuismitheoirí** | Gillian Moran | **R-phost** | gillian_ivory@eircom.net |
| **Cathaoirleach Chomhairle na Mac Léinn (iar-bhunscoil amháin)** | | **R-phost** | |